Plean Ceachta Sinsearach 6 – Cáiseanna na hEorpa

Cuspóir:

Chun cuidiú le daltaí tuiscint a fháil ar na cineálacha éagsúla cáiseanna atá ar fáil ar timpeall na hEorpa.

Fad ama: (thart ar) 30 nóiméad.

Naisc Churaclaim:

OSPS (Tíreolaíocht) → Timpeallachtaí daonna → Daoine agus áiteanna i gceantair eile

Foclóir an Lae

Eorpach: Rud ar bith a bhaineann leis an Eoraip nó lena muintir.

Bainne paistéartha: Bainne a dhéantar a théamh go teocht ard ar feadh tréimhse gairide (e.g. 72 céim Celsius ar feadh 15 soicind) agus ansin a dhéantar a fhuarú go han-tapa.

Sáile: Meascán de shalann agus uisce.

Dé-ocsaíd Charbóin: Gás a tháirgtear nuair a dhéanann ainmhí easanálú nó nuair a dhóitear roinnt breoslaí agus a thógann plandaí isteach le linn fótaisintéise.

Díospóireacht Ranga

Pléigh na nithe seo a leanas le do dhaltaí:

1. Cad is brí le 'Eorpach'?
2. Ainmnigh roinnt tíortha Eorpacha.
3. An féidir leat aon bhianna Eorpacha traidisiúnta a ainmniú?
4. Ar bhlais tú aon bhianna Eorpacha traidisiúnta?
5. An féidir leat aon cheann de cháiseanna na hEorpa a bhlais tú nó a bhfuil eolas agat fúthu a ainmniú?

Cáiseanna na hEorpa:

Ceaptar go dtéann déanamh cáiseanna chomh fada siar le níos mó ná 4,000 bliain ó shin. Faoin am a bhí Impireacht na Róimhe ann ba ghnó tábhachtach é déanamh cáiseanna san Eoraip cheana féin. De réir mar a bhog daoine timpeall ó thír go tír thóg siad leo a gcuid traidisiún féin.

- Is cáis bhog í Brie a thagann ón gceantar Brie i dTuaisceart na Fraince. Tá sí déanta as bainne de bhó. Is cáis bhog, uachtarúil agus bhuí ar an taobh istigh í Brie. Tá boladh láidir uaithi. Tá Brie á déanamh ag daoine le níos mó ná míle bliain.
- Is cáis chrua í Manchego a thagann ón gceantar 'La Mancha' sa Spáinn. Tá sí á táirgeadh ansin ar feadh na mílte bliain. Tá dath órga ar Manchego agus tá sí déanta as bainne de chaora.
- Is é is dóichí gurb í an cháis is cáiliúla san Iodáil ná Parmasán. Tagann sí ón gceantar Parma san Iodáil. Is cáis chrua, thirim é a dhéantar a ghrátáil go minic agus a itear go hiondúil le miasa pasta. Tá sí déanta as bainne de bhó.
- Is cáis leathchrua í Gouda a thagann ón gcathair Gouda san Ollainn ach a dhéantar ar fud an domhain anois. Is cáis bhuí í le craiceann céiriúil ar an taobh amuigh. De ghnáth déantar í le bainne paistéartha de bhó ach uaireanta is féidir í a dhéanamh le bainne ó ghabhar nó ó chaora.
- Tagann cáis Feta ó mhórthír na Gréige. Is í ceann de na príomh-chomhábhair i sailéad Gréagach traidisiúnta. Is cáis bhog bhán í atá déanta as bainne de chaora nó gabhar. Is cáis ghráinneach í agus tá

FEACHTAS ARNA MHAOINIÚ LE CUIDIÚ ÓN AONTAS EORPACH

blas de shalann uaithi. Glacann sé tamall fada Feta a dhéanamh toisc gur gá í a choinneáil i sáile ar feadh cúpla mí ar a laghad.

- Is cáis leathchrua Eilvéiseach í Emmental a ainmníodh i ndiaidh Ghleann Emmental san Eilvéis. Tá sí buí agus tá poill mhóra inti agus craiceann tanaí aici. Tarlaíonn na poill mar gheall ar na boilgíní dé-ocsaíde carbóin a chruthaítear nuair a dhéantar an cháis. Tá Emmental déanta as bainne de bhó.

Gníomhaíocht:

Cáiseanna na hEorpa

Taispeáin léarscáil den Eoraip do na daltaí nó tarraing léarscáil ar an gclár. Iarr ar do dhaltaí na tíortha seo a leanas a thaispeáint: an Fhrainc, an Spáinn, an Iodáil, an Ollainn, an Ghréig agus an Eilvéis.

Iarr orthu léamh faoi 'Cáiseanna na hEorpa' ar an mbileog oibre grúpa faoi 'Cáiseanna na hEorpa. Pléigh é mar rang. Ansin iarr ar na daltaí na ceisteanna a fhreagairt.

An raibh a fhios agat?

Is foinsí tábhachtacha cailciam iad bainne, iógart agus cáis, mianra atá ag teastáil le haghaidh cnámh agus fiacla sláintiúla. (Féach Plean Ceachta 1, 'Bia Sláintiúil').

Gníomhaíocht Ranga:

Iarr ar do dhaltaí léarscáil den Eoraip a tharraingt ar pháipéar A4 nó ina gcóipleabhair. Iarr orthu na tíortha ar fad a luadh sa bhileog oibre 'Cáiseanna na hEorpa' a thaispeáint agus bosca fíricí a chruthú ar gach ceann. Sa bhosca fíricí d'fhéadfadh sonraí faoi na nithe seo a leanas a bheith iontu: an phríomhchathair, brat na tíre, cáis thipiciúil den tír sin, bianna tipiciúla eile den tír. Is féidir leis na daltaí a fháil amach freisin faoi cháiseanna cáiliúla eile ó na tíortha seo nó ó thíortha Eorpacha eile agus iad a chur ar a léarscáil, chomh maith.

Gníomhaíochtaí Breise

1. Cruthaigh cairt sonraí sa rang maidir leis na cineálacha cáiseanna Eorpacha is coitianta atá ann.
2. Reáchtáil seisiún blaiste 'Cáiseanna na hEorpa'.
3. Scríobh faoi stair cáiseanna sa Fhrainc, san Iodáil nó sa Spáinn.
4. Tabhair faoi thionscadal ranga faoi cháiseanna na hEorpa e.g. Féile Rolladh Cáise i Sasana; an focal do cháis i dteangacha éagsúla i.e. an Fhrainc – fromage, an Iodáil – formagio, an Spáinn – queso; cáiseanna a fuair a n-ainmneacha ó áiteanna san Eoraip e.g. Gruyeres agus Emmental san Eilvéis.
5. Iarr ar do dhaltaí i ngrúpaí, fógra teilifíse a chruthú do cheann amháin de na cáiseanna Eorpacha trí ghníomhaíocht drámaíochta shimplí.

Beir Leat Abhaile É

Conas atá do chuid daltaí ag glacadh páirte ann?

Féach ar an suíomh gréasáin le haghaidh bealaí a mholtar le do dhaltaí a spreagadh chun an méid a d'fhoghlaim siad faoi Cháiseanna na hEorpa a thabhairt abhaile leo. Mar obair bhaile, d'fhéadfá iarraidh ar do dhaltaí:

1. Scríobh faoin gcineál cáise is fearr leo.
2. Cairt sonraí teaghlaigh a chruthú chun a thaispeáint cad iad na cáiseanna den Eoraip a bhfuil an tóir is mó orthu sa bhaile.
3. Fógra simplí a dhearadh do cheann amháin de na cáiseanna Eorpacha.